Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**13693/1/24 REV 1**

**LIMITE**

**ECOFIN 1049**
**UEM 324**

PUBLIC

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Ráiteas thar ceann Uachtaránacht Chomhairle Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Aontais ag Cruinnithe Bliantúla an Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais,<br>Washington DC, mí Dheireadh Fómhair 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Ráiteas thar ceann Uachtaránacht Chomhairle Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Aontais ag Cruinnithe Bliantúla an Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais, in Washington DC, mí Dheireadh Fómhair 2024.

**Ráiteas thar ceann Uachtaránacht Chomhairle Airí Eacnamaíocha agus Airgeadais an Aontais ag Cruinnithe Bliantúla an Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais, Washington DC, mí Dheireadh Fómhair 2024**

PUBLIC

1. I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise gan chúis gan údar, tá rún daingean ag an Aontas leanúint de thacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus dá muintir a fhad is gá agus chomh dian agus is gá. Ní fhéadfaidh an Rúis an svae a bhreith léi. Is cúis mhór imní don Aontas freisin an staid dhaonnúil thubaisteach in Gaza agus an teannas atá ag dul i méid sa réigiún. Tathantaímid ar na gníomhaithe uile srian a chur orthu féin agus géarú breise a chosc, agus iarraimid go gcuirfí an togra maidir le sos comhraic chun feidhme go hiomlán, as a dtiocfadh sos cogaidh láithreach in Gaza, scaoileadh saor na ngiall uile, agus méadú suntasach leanúnach ar shreabhadh na cabhrach daonnúla.

2. Tá tionchar diúltach ag cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin agus ag leathnú an teannais gheopholaitiúil, mar aon le hathailínithe leanúnacha sa slabhra soláthair agus ilroinnt gheo-eacnamaíoch atá ag méadú, ar an ngeilleagar domhanda, go háirithe do gheilleagair atá ag teacht chun cinn agus do gheilleagair atá i mbéal forbartha. Tá sé fós ina phríomhthosaíocht dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha chun an t-iltaobhachas agus an córas idirnáisiúnta riailbhunaithe a neartú chun cleachtais dhíobhálacha iomaíochta agus rásaí fóirdheontais a sheachaint, rud a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilleadh ilroinnte. Cuideoidh iomaíocht chóir le nuálaíocht agus éifeachtúlacht a spreagadh. Tá EDT athchóirithe agus neartaithe agus comhordú láidir idirnáisiúnta fós ar an mbealach is fearr i gcoinne na hilroinnte geo-eacnamaíche. Tá comhar idirnáisiúnta ríthábhachtach freisin chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ghaolmhara.

3. Go dtí seo, tá leibhéal foriomlán cúnaimh curtha ar fáil ag an Aontas don Úcráin agus dá muintir, cúnamh dar luach nach mór EUR 114 bhilliún. Áirítear leis sin tacaíocht do na Ballstáit atá ag óstáil daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise. Tá an tAontas fós ar an ranníocóir airgeadais is mó leis an Úcráin i measc a chomhpháirtithe idirnáisiúnta ó thús an chogaidh agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt do riachtanais chistiúcháin na hÚcráine. Tar éis EUR 18 mbilliún a eisíoc faoi ionstraim MFA+ in 2023, sheol an tAontas an tSaoráid don Úcráin, dar luach EUR 50 billiún, mar chreat chun cistiú cobhsaí intuartha a chur ar fáil go dtí 2027 bunaithe ar dhul chun cinn le clár oibre athchóirithe leathan comhaontaithe, a ceapadh le bheith i gcomhréir le clár CAI agus comhlántach leis. Tá na beartais sin leabaithe go cúramach sna hiarrachtaí idirnáisiúnta chun dlús a chur leis an téarnamh agus le conair aontachais na hÚcráine leis an Aontas agus chun ionchais fáis fhadtéarmacha a fheabhsú, lena n-áirítear trí thacú le fothú acmhainneachta. D’eisíoc an tAontas maoiniú EUR 12.2 billiún faoin tSaoráid go dtí seo in 2024, agus tá eisíocaíocht bhreise beartaithe níos déanaí i mbliana faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha beartais. Cuirimid i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint den ualach a roinnt agus comhiarrachtaí ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta atá ríthábhachtach chun cobhsaíocht eacnamaíoch na hÚcráine a chosaint.

PUBLIC

4. I gcomhréir le conclúidí ón gComhairle Eorpach an 27 Meitheamh 2024 agus mar fhreagairt dhíreach ar an teachtaireacht ó chruinniú mullaigh G7 in Apulia an 15 Meitheamh, tá an tAontas ag obair ar thogra ón gCoimisiún chun an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a bhunú lena gcumhdófar iasachtaí suas le EUR 45 bhilliún don Úcráin faoi choimirce thionscnamh G7 'Iasachtaí Luasghéaraithe Ioncaim Urghnácha don Úcráin'. Áirítear sa togra seo le haghaidh Rialacháin ranníocaíocht dhílis an Aontais i bhfoirm iasacht nua eisceachtúil cúnaimh macrairgeadais suas le EUR 35 bhilliún, a chuirfear ar fáil in 2024 agus eisíocaíochtaí i dtráinsí amháin nó níos mó suas go dtí deireadh 2025. A luaithe a ghlacfadh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh an pacáiste sin, thacódh sé le riachtanais bhuiséadacha phráinneacha bhreise na hÚcráine, rud atá ríthábhachtach chun cabhrú leis an Úcráin feidhmeanna bunriachtanacha stáit a choinneáil ar bun, cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a áirithiú agus bonneagar criticiúil a athshlánú.

5. Molaimid dlúthchaidreamh CAI leis an Úcráin agus an tacaíocht leanúnach ó CAI. Is díol sásaimh dúinn gur tugadh an cúigiú hathbhreithniú ar an tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin (SFC) chun críche go rathúil le déanaí, agus molaimid údaráis na hÚcráine as feidhmíocht láidir leanúnach an chláir in ainneoin dálaí dúshlánacha. Go dtí seo, eisíocadh beagnach USD 7.6 billiún faoin tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin, darb aidhm tacú le húdaráis na hÚcráine beartais a dhaingniú lena gcothaítear cobhsaíocht fhioscach, sheachtrach, praghsanna agus airgeadais, agus fás fadtéarmach á chur chun cinn ag an am céanna i gcomhthéacs na hatógála iarchogaidh agus chonair na hÚcráine i dtreo aontachas leis an Aontas.

6. Lean an tAontas de chúnamh macrairgeadais a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta atá thíos le géarchéim comhardaithe íocaíochtaí, agus chuir sé le rannpháirtíocht CAI ar an gcaoi sin. Tá dhá chlár a dtacaítear leo trí chúnamh macrairgeadais ar bun faoi láthair, ceann leis an Moldóiv (suas le EUR 220 milliún in iasachtaí agus EUR 75 mhilliún i ndeontais) agus ceann leis an Macadóin Thuaidh (suas le EUR 100 milliún in iasachtaí), ar tíortha iad atá ar chonair an aontachais leis an Aontas. I bhfianaise na staide casta geopholaitiúla, chuir an Coimisiún tograí i láthair i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin go háirithe maidir le hoibríochtaí iasachta MFA nua don Éigipt agus don Iordáin, agus d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh an chéad chuid den oibríocht don Éigipt i mí Aibreáin. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha tríd an Tionscnamh Global Gateway. Ina theannta sin, lean an tAontas agus a Bhallstáit de bheith ar an soláthraí is mó ar domhan de Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) in 2023, arb ionann é agus 42 % de ODA domhanda.

PUBLIC

7. Tá an fás domhanda ag méadú níos fearr ná mar a bhíothas ag súil leis in 2023. Léirítear sna réamh-mheastacháin a dhéanfar amach anseo go bhfanfaidh an fás seasmhach in 2024 agus 2025 agus go leanfaidh an boilsciú de bheith ag laghdú. Cé go bhfuiltear ag súil le téarnamh áirithe sa trádáil dhomhanda, tá rioscaí fós ard, go háirithe i ndáil le suaití geopholaitiúla. Tá an t-ionchas fáis meántéarmach fós lag. Cé gur mhoilligh geilleagar an Aontais in 2023, lean sé de bheith sách athléimneach i gcoinne suaití móra agus den ghiniúint fostaíochta, d'ainneoin thionchair shonracha chogadh na Rúise ar an Úcráin agus lagú na trádála domhanda. Meastar go mbeidh fás OTI an Aontais cothrom le 0.9 in 2024 agus go dtiocfaidh méadú 1.3 % de réir a chéile air in 2025. Meastar go dtosóidh an margadh saothair láidir mar aon le pá níos airde agus laghdú breise ar bhoilsciú ag tacú de réir a chéile le fás tomhaltais, agus coinníollacha airgeadais á scaoileadh agus eisíocaíochtaí leanúnacha chistí 'Next Generation EU' (NGEU) ag tacú le hinfheistíocht. Mar sin féin, tá na rioscaí don ionchas eacnamaíoch fós ag dul i dtreo an donais, agus tá an éiginnteacht dhomhanda, arb é an teannas geopholaitiúil is cúis léi den chuid is mó, fós ag cur isteach ar an ionchas eacnamaíoch.

PUBLIC

8. Glacadh creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe an Aontais i mí Aibreáin 2024 agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag pleananna na mBallstát maidir le beartas fioscach agus athchóirithe struchtúracha do na blianta amach romhainn. Leis an gcreat, is féidir aghaidh a thabhairt ar éiginnteacht le beartais fhioscacha. Meastar go bhfuil staid fhioscach chrapthach don limistéar euro ina iomláine in 2025 iomchuí i bhfianaise an ionchais mhaicreacnamaíoch, an ghá atá ann leanúint d'fheabhas a chur ar an inbhuanaitheacht fhioscach, agus tacú leis an bpróiseas díbhoilscitheach atá ar siúl faoi láthair. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí leanúint d'infheistíochtaí agus d'athchóirithe struchtúracha a choinneáil ar bun nó a mhéadú chun fás agus athléimneacht inbhuanaithe agus chuimsitheach a chur chun cinn.

9. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag leanúint de chur chun feidhme ionstraim téarnaimh NGEU. As an EUR 650 mbilliún atá ann san iomlán, is é EUR 265 bhilliún méid iomlán na ndeontas agus na n-iasachtaí a eisíocadh go dtí seo faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an ionstraim atá i gcroílár NGEU agus a thacaíonn le hathchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí san Aontas[1]. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an Aontas infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh i dtreo thosaíochtaí an Aontais trí Chlár InvestEU, a bhfuil sé beartaithe leis breis agus EUR 372 bhilliún d'infheistíocht a shlógadh trí thacaíocht a thabhairt do ráthaíocht bhuiséadach ón Aontas. Ó dheireadh 2023, slógadh EUR 217 mbilliún, bunaithe ar oibríochtaí formheasta (níos mó ná 60 % den sprioc).

[1] EUR 648 mbilliún ag praghsanna 2022



PUBLIC

10. Ag an am céanna, tá gá le hathchóirithe chun scrogaill infheistíochta príobháidí a laghdú le haghaidh an aistrithe ghlais, an aistrithe dhigitigh agus na slándála fuinnimh. Cuideoidh tuilleadh forbairtí maidir le hAontas Margaí Caipitil AE a neartú sna blianta amach romhainn le doimhniú mhargaí airgeadais na hEorpa agus le feabhas a chur ar choigilteas an Aontais agus le hinfheistíocht idirnáisiúnta a dhíriú i dtreo ár dtosaíochtaí coiteanna, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Thairis sin, chun dul i ngleic le dúshláin iomaíochais, beidh gá le tosaíochtaí soiléire a leagan síos do thionscail chriticiúla, le hathchóirithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus le cistí poiblí agus príobháideacha a shlógadh.

11. Chun an t-aistriú i dtreo geilleagar aeráidneodrach a chur chun cinn, ghlac an tAontas príomhphíosaí reachtaíochta phacáiste 'Oiriúnach do 55' an Choimisiúin Eorpaigh, lena n-áirítear Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais a neartú, Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha a chomhlíonann EDT, agus Ciste Aeráide Sóisialta. Tá rún daingean ag an Eoraip freisin a bheith ar thús cadhnaíochta i réabhlóid na teicneolaíochta glaine. Chuige sin, tá an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, ar príomhghné de Phlean Tionsclaíoch Glas na hEorpa é, tagtha i bhfeidhm anois. Leanann an tAontas de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lena chreat airgeadais inbhuanaithe, agus cistiú príobháideach tionscadal agus teicneolaíochtaí aistrithe á spreagadh aige ag an am céanna. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an t-aistriú glas a chur chun cinn, agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar méadaitheach an athraithe aeráide.

PUBLIC

**Saincheisteanna Beartais CAI**

12. Leanann Ballstáit an Aontais de thacaíocht a thabhairt do ghealltanas an Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais go mbeadh CAI láidir, bunaithe ar chuótaí, agus go mbeadh acmhainní leordhóthanacha aige chun a ról a chaomhnú i gcroílár an Líontáin Sábháilteachta Airgeadais Dhomhanda. Is díol sásaimh don Aontas gur tugadh i gcrích an 16ú hAthbhreithniú Ginearálta ar Chuótaí de chuid CAI, lena gcoinneofar imchlúdach acmhainní reatha an Chiste, agus lena neartófar cineál cuóta-bhunaithe an Chiste. Is é an tosaíocht atá ann anois do chomhaltaí CAI bailchríoch a chur ar nósanna imeachta intíre agus toiliú náisiúnta a thabhairt do na méaduithe ar na cuótaí faoi seach agus do rolladh siar na Socraíochtaí Nua Iasachta faoin spriocdháta a comhaontaíodh, an 15 Samhain 2024. Is díol sásaimh dúinn go gcruthófar an 25ú Cathaoirleach don Afraic Fho-Shahárach faoi mhí na Samhna 2024, lena n-áirithítear go gcuirfear feabhas ar chothromaíocht fhoriomlán na hionadaíochta réigiúnaí ag Bord Feidhmiúcháin CAI. Oibreoimid go cuiditheach ar chineálacha cur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann chun athailíniú sciartha cuótaí CAI a threorú, mar a comhaontaíodh i Ráiteas Chathaoirleach an Choiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais i mí Dheireadh Fómhair 2023, faoin 17ú Athbhreithniú Ginearálta ar Chuótaí faoi mhí an Mheithimh 2025. Tá an fhoirmle atá ann faoi láthair ag feidhmiú go maith agus baineann sí na cuspóirí maidir le hathailínú amach. Tá sé ríthábhachtach an t-ualach a roinnt go cothrom i measc na mórgheilleagar ardfhorbartha uile agus scaireanna cuóta na gcomhaltaí is boichte a chosaint.

PUBLIC

13. Is díol sásaimh do Bhallstáit an Aontais an t-athbhreithniú iomlánaíoch ar mhuirir agus ar fhormhuirir CAI maidir le beartais a mbíonn tionchar acu ar chostas iomlán na n-iasachtaí ó CAI. Aithnímid an cás le haghaidh roinnt coigeartuithe ar na beartais sin i bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar rátaí úis domhanda agus an mhéadaithe ar ioncam an Chiste. Tugaimid dár n-aire freisin measúnú na foirne go bhfuil ionchas ioncaim an Chiste do na blianta atá le teacht fós láidir agus go bhfuil sprioc na n-iarmhéideanna réamhchúraim de 25 bhilliún CTS bainte amach faoi dheireadh Bhliain Airgeadais 2024. Meabhraítear dúinn nach mór a mheas in aon athbhreithniú a dhéanfar ar bheartais CAI maidir le muirir agus formhuirir gur cuid lárnach iad sin de chreat bainistithe riosca creidmheasa an Chiste lena mbunaítear giniúint ioncaim chun clár comhardaithe an Chiste a chosaint agus lena gcuirtear dreasachtaí praghasbhunaithe ar fáil maidir le hiasachtaí tomhaiste agus aisíocaíocht luath lena gcabhraítear le cineál imrothlach acmhainní CAI a chaomhnú, mar aon le spriocanna ginearálta iasachtú CAI. I ndáil leis an méid sin, cuirimid i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar bheartais mhaoiniúcháin agus iasachtaithe.

PUBLIC

14. I dteannta a chéile, gheall Ballstáit an Aontais thart ar USD 38 mbilliún de Chearta Tarraingthe Speisialta (CTSanna) (nó ranníocaíochtaí coibhéiseacha) a chur go deonach chuig an Iontaobhas Athléimneachta agus Inbhuanaitheachta (RST) agus chuig an Iontaobhas Laghdaithe Bochtaineachta agus Fáis (PRGT) agus, bhí siad ar thús cadhnaíochta maidir leis na hacmhainní a aistriú chuig cistí iontaobhais CAI. Molaimid do thíortha machnamh a dhéanamh ar ranníocaíochtaí deonacha nua chun PRGT agus RST a neartú, agus chun a ngealltanais a chomhlíonadh, ionas go mbeidh acmhainní ar fáil go héifeachtach do thíortha leochaileacha. Meabhraítear do Bhallstáit an Aontais cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais a tionóladh i mBúdaipeist an 13-14 Meán Fómhair, inar phléigh na hAirí agus Stiúrthóir Bainistíochta CAI deiseanna nua maoinithe chun tacú le tíortha ísealioncaim agus roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun PRGT a chur ar bhonn inbhuanaithe. Cuireann an tAontas go mór le PRGT agus tacaíonn sé le PRGT dea-fheidhmiúil féin-inbhuanaithe. Chun é sin a bhaint amach, beidh gá le meascán beart ar thaobh an mhaoinithe agus ar thaobh na mbeartas agus na gcleachtas iasachtaithe araon; comhsheasmhach le srianta dlíthiúla na dtíortha. Tá PRGT ríthábhachtach chun an cuspóir a bhaint amach maidir le maoiniú lamháltais a sholáthar chun tacú le bearta beartais chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna maidir le comhardú na n-íocaíochtaí (BoP) agus chun freagairt go leordhóthanach do riachtanais ghaolmhara na dtíortha ísealioncaim sna blianta amach romhainn. Ag an am céanna, chun rioscaí don Chiste a theorannú agus chun an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní ganna atá ar fáil, ní mór iasachtú PRGT a bheith stuama agus faoi réir coimircí leordhóthanacha.

PUBLIC

15. Is príomhthosaíocht i gcónaí é leochaileachtaí fiachais domhanda a bhainistiú. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinneadh faoi Chreat Comhchoiteann G20/Club Pháras maidir le Cóireáil Fiachais agus iarrann sé go ndéanfaí iarrachtaí breise chun an t-athstruchtúrú fiachais a dhéanamh níos intuartha, níos tráthúla, níos ordúla agus níos comhordaithe. Léiríonn na comhaontuithe maidir le cóireáil fiachais do Shead, don tSaimbia agus do Ghána go seachadann an Ciste Comhtháthaithe, cé go n-aithnímid go bhféadfadh cóireálacha fiachais amach anseo a bheith níos tapúla. Is díol sásaimh dúinn freisin an socrú maidir le saoráid chreidmheasa shínte 4 bliana don Aetóip lena n-éascófaí caibidlíocht le creidiúnaithe maidir le hathstruchtúrú fiachais agus a bhí indéanta mar gheall ar na dearbhuithe maoiniúcháin a chuir an Coiste Oifigiúil um Chreidiúnaithe ar fáil. Tacaímid leis na hiarrachtaí ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna leanúnacha tíre faoin gCreat Comhchoiteann d'fhonn treoirlínte soiléire a fhorbairt, chun cabhrú le tíortha a fhaigheann iasachtaí dul i ngleic leis an bpróiseas. Molaimid go ndéanfaí comhordú iltaobhach breise ar chóireáil fiachais i dtíortha meánioncaim (MICanna) agus is díol sásaimh dúinn an comhaontú le Srí Lanca. Is díol sásaimh dúinn an obair leanúnach atá á déanamh sa Chruinniú Comhchéime Domhanda maidir le Fiachas Ceannasach mar ardán tábhachtach chun comhthuiscint a éascú idir na geallsealbhóirí uile maidir le dúshláin fiachais dhomhanda. I gcásanna ina bhfuil brú leachtachta ar thíortha, ach ina bhfuil an fiachas fós inbhuanaithe, tacaímid leis an obair leanúnach atá á déanamh ag G20, CAI agus an Banc Domhanda chun tacú le tíortha bunaithe ar thrí cholún: (i) athchóirithe struchtúracha agus slógadh acmhainní intíre; (ii) tacaíocht sheachtrach airgeadais, lena n-áirítear tacaíocht ó na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais; agus (iii) comhordú níos fearr i measc comhpháirtithe déthaobhacha agus iltaobhacha chun iasachtú ó chreidiúnaithe príobháideacha a shlógadh. Chuige sin, tacaímid le hobair ar leibhéal na tíre atá dírithe ar shreabha maoiniúcháin a chomhordú. Molaimid freisin go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí maidir le trédhearcacht fiachais.

PUBLIC